Eagrán 3 – Earrach 2005

# Nuachtlitir an tSaoránaigh

Nuachtlitir Íocóirí Rátaí Chomhairle an Iúir agus Mhúrn




# Tá gach uile shórt ar siúl i gCeantar an Iúir agus Mhúrn

# RÉAMHFHOCAL AN MHÉARA



Nuair a amharcaim siar thar mo bhliain mar Mhéara Chomhairle an Iúir agus Mhúrn b'onóir agus pribhléid dom muintir an Iúir agus Mhúrn a ionadú sa cheantar, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

B'fhíorphléisiúr dom an fhéidearthacht a ghlacadh chun cuairt a thabhairt ar agus le bualadh leis an oiread sin ghrúpaí áitiúla a thugann a gcuid ama go deonach chun fónamh a dhéanamh dá bpobal agus le torthaí a gcuid oibre sármhaithe a fheiceáil.

Léiríonn eagrán seo Nuachtlitir an tSaoránaigh an obair atá ar siúl maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Turasóireachta, Forbairt Pobail agus Spóirt, Cultúir agus Ealaíon agus Forbairt na Gaeilge trí Roinn Fhorbairt an Cheantair de chuid na Comhairle.

Tá Comhairle and Iúir agus Mhúrn ag dul chun cinn sna réimsí seo agus tá sé tábhachtach go gcoinnítear ár saoránaigh ar an eolas.

Tá súil agam go mbainfidh tú sult as an eagrán seo de Nuachtlitir an tSaoránaigh.

Henry Reilly

An Comhairleoir Henry Reilly
Méara Chomhairle an Iúir agus Mhúrn

# RÉAMHFHOCAL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



Ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh chuig ár dtríú eagrán de Nuachtlitir Íocóirí Rátaí an Iúir agus Mhúrn.

Is é téama an eagráin seo ná forbairt laistigh den Cheantar agus léiríonn sé na gníomhaíochtaí agus áiseanna uilig a chuireann an Chomhairle ar fáil daoibhse, saoránaigh ár gCeantair.

Achan bhliain tarraingíonn an Chomhairle anuas maoiniú nach beag le cuidiú lenár bpobal a infrastruchtúr a fhorbairt agus chun caighdeán saoil achan chónaitheora agus achan chuairteora chuig an cheantar a fheabhsú.

Oibríonn muid i bpáirtíocht ar bhonn leanúnach le réimse leathan d'eagraíochtaí ó na hearnálacha pobail, poiblí agus príobháideacha chun clár forbartha eacnamaíoch leathan a éascú agus a sholáthar ar fud ár gceantair.

Achan bhliain cuirtear fáilte roimh níos mó ná 80,000 cuairteoir chuig ceantar an Iúir agus Mhúrn agus tá sé tábhachtach go mbaineann siad taitneamh as a gcuairt agus go bpilleann siad ar ais arís ar cuairt chugainn.

I rith na bliana eagraíonn muid agus oibríonn muid i gcomhar lenár bpobail chun réimse leathan d'imeachtaí a thionól as a mbaintear sult ag cách. Tá sonraí chuid mhór de na himeachtaí atá le teacht leagtha amach sa doiciméad seo.

Tá súil agam go mbaineann tú sult as léamh na Nuachtlitreach agus go mbíonn an t-eolas úsáideach duit. Cuirim fáilte roimh do chuid tuairimí ionas go dtig linn tú a choinneáil ar an eolas maidir lena bhfuil á dhéanamh ag an Chomhairle.

Tomás MacCamhail

Tomás Mac Camhail
Cléireach agus Príomhfheidhmeannach

# CEILIÚRANN CATHAIR AN IÚIR LÁ FHÉILE PÁDRAIG

Bhí Cathair an Iúir ildathach leis na mílte a ghlac páirt i bParáid thraidisiúnta Lá Fhéile Pádraig trí shráideanna na Cathrach. Ba é téama na bliana seo ná "Éagsúlacht Chultúrtha" agus ba léir é seo ón pháirteachas trasphobail a bhí ann.

Thosaigh an ceiliúradh le tinte ealaíne mórthaibhseacha ag Duga Ailbhe tráthnóna Dé Céadaoin.

Thosaigh an Fhéile féin leis an pharáid agus í plódaithe le bannaí, grúpaí pobail, flótaí, rinceoirí, carachtair chartúin, siúlóirí cos croise srl. Bhí Leas-Mhéara na Comhairle, Seán Ó Fiacháin, ag barr na paráide in éineacht le grúpa déagóirí ón Rúis agus chuaigh an pharáid ag caismearnach ón phointe imeachta ag na Céanna go dtí an phointe críochnaithe i lár na Cathrach.

I measc na siamsaíochta san iarnóin bhí Hugo Duncan, agus é ag craoladh go beo ón Chathair, ceolchoirm éagsúlachta le tallann áitiúil, céilí sráide agus mar bhuaicphointe na hiarnóna tháinig na Dublin City Ramblers ar an ardán i gCearnóg Mháiréide.

I rith an lae bhí an oiread sladmhargaí ar fáil ó na trádálaithe sráide agus stallaí carthanachta chomh maith le siamsaíocht do pháistí agus seónna draíochta, múnlóireacht balún, dathú aghaidhe agu seónna Punch agus Judy agus bhí radharc anuas ag na siúlóirí cos croise ar na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl.

Bhí Terence 'Banjo' Bannon ann le taispeáint do dhaoine óga scileanna na hailleadóireachta ag túr ailleadóireachta 'Rollin Roc'.

Go luath san iarnóin thug Ceannairí na nEaglaisí spiorad Lá Fhéile Pádraig do na mílte ag an phríomhardán ag Cearnóg Mháiréide agus chuir Leas-Mhéara na Comhairle fearadh na fáilte roimh achan duine a tháinig go Cathair an Iúir chun Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh.












# Mórimeachtaí agus Féilte an Iúir agus Mhúrn

Tá Seirbhísí Tacaíochta Pobail de chuid Roinn Fhorbairt an Cheantair freagrach as eagrú agus as cuidiú leis na mionfhéilte, mórfhéilte agus imeachtaí ar fud an Cheantair.

Tugann an Chomhairle cuidiú airgeadais agus logistíochta d'fhéilte pobail beaga agus do mhórimeachtaí idirnáisiúnta agus oibríonn oifigigh na Comhairle in éineacht le coistí na bhféilte.

Is é an chéad imeacht den bhliain ná an fhéile **'Blues on the Bay'** atá imithe ó neart go neart agus a tharraingíonn a lán ceoltóirí a bhfuil clú idirnáisiúnta orthu go baile an Phointe agus bíonn an fhéile ar siúl ar an dara saorlá bainc i mí Bealtaine.

Is í an fhéile is faide ar siúl sa cheantar ná **Féile Mhaighdean Mhúrn** a bhíonn ar siúl achan bhliain i mí Lúnasa agus bíonn fearadh na fáilte roimh na mílte cuairteoir chuig baile cois farraige an Phointe.

Gar don Phointe atá an baile álainn Caisleán Ruairí agus bíonn **Féile Fhaiche an Fhidléara** ar siúl anseo i mí Iúil.Tá an-cháil ar an Fhéile as an saibhreas de cheol traidisiúnta agus comhaimseartha a bhíonn le cluinstean agus tarraingíonn an fhéile lucht éisteachta de dhaoine ceolchara ó i bhfad.

Tá clú idirnáisiúnta ar **Fhéile Chamlocha** anois mar gheall ar 'Chomhdháil na mBréagóirí' a bhíonn ar siúl i mí Lúnasa agus déanann an coiste eagraithe díograiseach a chinntiú go mbaineann cuairteoirí chuig an cheantar álainn seo d'Ard Mhacha theas sult as an mheascán uathúil de cheol, de mhiotas, dráma agus amhrán.

Tá féile **Ríocht Mhúrn** ag dul ó neart go neart thar na blianta mar cheann de na féilte is mó tarraingt i gceantar an Dúin Theas. Tá príomhról ag baile iascaireachta Chill Chaoil agus go leor tarraingtí ar fáil do chuairteoirí i gceantar Mhúrn.

Anuraidh, tháinig séasúr na bhféilte chun deiridh le féile speisialta, **Féile na nUigingeach, Cheoil, Mhiotas agus Finscéalta** agus bhí greann agus siamsaíocht curtha ar fáil d'achan duine chomh maith leis na mílte punt a bhailigh an Fhéile don charthanacht. D'eagraigh an Chomhairle an Fhéile i gcomhar le Teach Ailt na bhFiach le maoiniú ó Interreg III. Táthar ag súil go mbeidh an Fhéile ina imeacht bliantúil.

Chomh maith leis na mórimeachtaí, tugann an Chomhairle tacaíocht d'fhéilte pobail beaga fud fad an cheantair.
028 3031 3233, email: catherine.donnelly@newryandmourne.gov.uk

## Clár


| | Lch |
|---|---|
| Réamhfhocal an Mhéara | 2 |
| Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh | 2 |
| Ceiliúrann Cathair an Iúir Lá Fhéile Pádraig | 2 |
| Mórimeachtaí agus Féilte | 3 |
| Infheistíocht san Iúr agus Múrna | 4 |
| Plean Margaíochta Thurasóireachta an Iúir agus Mhúrn | 5 |
| Plean Gníomhaíochtaí Eacnamaíoch 2001 – 2007 | 6 |
| Clár Tacaíochta Pobail | 6/7 |
| Páirtíocht Straitéise Áitiúla an Iúir agus Mhúrn | 7 |
| Polasaí Dátheangachais | 8 |
| Comhairle an Iúir agus Mhúrn - Aonad Forbartha Spóirt | 9 |
| Maoiniú Substaintiúil don Iarsmalann le haghaidh Thionscnamh an Dara Chogadh Domhanda | 10 |
| Séasúr Ealaíon an Earraigh / an tSamhraidh | 10 |
| Cad is ciall de na Rátaí? | 11 |
| Roinn Rialú Tógála: Ag obair ar do shonsa | 12 |
| Ceadúnú | 12 |
| Margadh na bhFeirmeoirí ar an Iúr | 12 |
| Páirtíocht Shábháilteachta Pobail | 13 |
| Feachtas 'Gá le Mála' | 13 |
| Ardú Feasachta Timpeallachta sna Scoileanna agus Coláistí Áitiúla | 14 |
| Tugann UTV cuairt ar Bhunscoil Naomh Dalláin, an Pointe | 15 |
| Maidineacha Caife 'Cóirthrádáil' ar siúl ag fostaithe na Comhairle | 15 |
| A go Z de Sheirbhísí na Comhairle | 16 |
| Tuairimí agus Aiseolas | 16 |
| Rudaí ar siúl i gCeantar an Iúir agus Mhúrn | 16 |

# Infheistíocht san Iúr agus Múrna

Idir 2000 agus 2004 tá £12,987,000 de mhaoiniú tarraingthe anuas ag an Chomhairle, trína Coiste Forbartha Ceantair, ó réimse leathan d'fhoinsí chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ar fud cheantar an Iúir agus Mhúrn. Cruthaíodh 668 gnólacht beag nua le linn na tréimhse seo tríd an tionscnamh "Cuir Tús le do Ghnó Féin" atá faoi urraíocht na Comhairle agus ní lú ná 50,000 troigh de spás oibre a cruthaíodh le haghaidh Gnónna Nua ar an Iúr, ar an Phointe agus i bhFoirceal.

Le linn 2004 rinne an Chomhairle infheistíocht £245,000 ina príomh-háiseanna turasóireachta mar a leanas:

- Athdheisiú agus atógáil na bialainne agus na n-áiseanna eolais turasóireachta ag Páirc Chill Bhrónaigh, Caisleán Ruairí
- Athchóiriú agus athfhorbairt áiseanna cuairteora ag Barr an Fheadáin agus ag Loch Rois in Ard Mhacha Theas
- Feabhsú áiseanna bealach isteach agus bainistíochta ag Trá na Creamhchoille

Le linn 2005/2006 leanfaidh an Chomhairle leis an infheistíocht ina háiseanna agus cuimseoidh sé seo áis chuairteora nua ag Trá na Creamchoille le cithfholcadáin agus leithris chomh maith le cosán agus caladh nua ag Camloch san áireamh. Maoiníodh an dá thionscnamh faoin PTRTO.

Chun bealach isteach níos fearr a chruthú trí Loc Victeoiria cuirfidh an Chomhairle comharthaí loingseoireachta nua isteach feadh an chainéil uisce chúing le cuidiú maoinithe ón Chlár Interreg III.

Lena chois seo, tógfar áiseanna gléasta nua earnáil spórt ag Páirc Chluain Dalláin, an Pointe.

Tacaíonn an Chomhairle, trína Roinn Forbartha Ceantair le réimse leathan d'imeachtaí agus d'fhéilte rathúla ar fud an Cheantair. Mar shampla, meastar gur glac 30,000 duine páirt i bParáid na Féile Pádraig a d'eagraigh an Chomhairle ar an Iúr i mí Márta 2005. Meastar fosta gur fhreastail 10,000 cuairteoir ar Fhéile Sheanfheithiclí Chill Bhrónaigh 2000 i mí Meán Fómhair 2004 agus ghlac oiread agus 1600 duine óg páirt i ndá rás trastíre scoile i bPáirc Chill Bhrónaigh, Caisleán Ruairí i mí Bealtaine agus i mí na Samhna 2004.

I measc na bhféilte rathúla eile a d'eagraigh an Chomhairle i gCathair an Iúir bhí:

- Féile na nUigingeach, Miotas agus Finscéalta i mí Meán Fómhair 2004
- Lasadh Shoilse na Nollag ar an Iúr, i gCill Chaoil, an Pointe, an Sruthán agus Crois Mhic Lionnáin
- Comhdháil Thurasóireachta an Iúir agus Mhúrn i gCathair an Iúir agus Mhúrn i mí Meán Fómhair 2004
- Gradaim Spóirt an Iúir agus Mhúrn i mí Mhárta 2005
- Ardcheardlann CIPR/an Iúir agus Mhúrn Márta 2005

Déanfaidh Roinn Fhorbairt an Cheantair roinnt tionscnamh nua i 2005 mar a leanas:

Coimisiún Scannáin an Iúir agus Mhúrn / Lú a bhunú chun an réigiún trasteorann a chur chun cinn mar shuíomh scannánaíochta. Cuirfear maoiniú ar fáil don tionscnamh seo de mhéid £470,000.

Thairis sin cuirfidh an Chomhairle tús le tionscnamh pleanála spásúla agus taighde i gcomhar le Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Contae Lú, dar teideal Ceannchathair an Iúir / Dhún Dealgan.

I ndiaidh dul i gcomhairle fhairsing leagfaidh an Chomhairle a pleananna amach don todhchaí maidir le soláthar áiseanna fóillíochta agus linn snámha nua i gCathair an Iúir.

Idir an dá linn, leanann an Chomhairle le cur chun cinn Fhiontar Euro an Iúir agus Mhúrn le buntáistí trádála breise agus féidearthachtaí tráchtála sa Chrios Euro.

Le tuilleadh eolais déan teagmháil le: Stiúrthóir Roinn Fhorbairt an Cheantair,
Gerard Mc Givern,
Teil: 028 3031 3233,
Ríomhphost:
gerard.mcgivern
@newryandmourne.gov.uk








# PLEAN MARGAÍOCHTA TURASÓIREACHTA
## AN IÚIR AGUS MHÚRN

Déantar forbairt agus margaíocht na turasóireachta ag an Chomhairle trí Aonad Forbartha Fiontraíochta de chuid Roinn Fhorbairt an Cheantair.

Is é miseanráiteas turasóireachta na Comhairle ná:

*"Clú an Iúir agus Mhúrn a fhorbairt agus a chur chun cinn, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar cheann de na cinn scríbe is insroichte in Éirinn, trí sholáthar taitneamhachtaí, áiseanna agus seirbhísí; chun a dtimpeallacht, a n-oidhreacht chultúrtha stairiúil shaibhir, an réimse leathan de ghníomhaíochtaí amuigh faoin spéir a mhargú go gníomhach agus chun a mbunadh turasóireachta a neartú"*

Is é Comhairle an Iúir agus Mhúrn an gníomhaire tosaigh le haghaidh margaíochta ceann scríbe an cheantair ach nuair is cuí déantar comhoibriú trasteorann maidir le margaíocht táirge nó comhoibriú a chur chun cinn.

Déantar an mhargaíocht seo i ndóigheanna éagsúla mar a leanas:

### FÓGRAÍOCHT
Cruthaíodh éagsúlacht d'fhógraí chun ceantar an Iúir agus Mhúrn a chur chun cinn, mar shampla, fógraí ginearálta a bhaineann le himeachtaí mar shiúlóireacht, galf, rothaíocht, iascaireacht agus imeachtaí eile, agus cuirtear na fógraí seo i nuachtáin agus irisí cuí.

### TURAIS EOLAIS
Ba mhaith leis an Chomhairle daoine ceannasacha a aimsiú agus a mhealladh le teacht ón choigríoch, mar shampla, iriseoirí, gníomhairí turasóireachta, nó gníomhairí bus. Anuraidh, thionóil an Chomhairle turas eolais dhá lae an-rathúil d'fhoireann oifigí eolais turasóireachta ar fud thuaisceart na hÉireann.

### LAETHANTA EOLAIS CAITEORA
Freastalaíonn Comhairle an Iúir agus Mhúrn ar a lán imeachtaí eolais turasóireachta chun an ceantar a chur chun cinn do chuairteoirí thar lear. D'fhreastail muid ar Holiday World Átha Cliath, OP Pad na hÍsiltíre, Laethanta Caiteora na hÉireann, An Hág agus an Bhruiséil, Laethanta Éireann Londan, Glaschú, Manchester agus Féile Éireann Milwaukee, SAM.

### ÁBHAR CLÓ AGUS SOLÁTHAR
Athdhéantar suas chun dáta na bileoga turasóireachta ar bhonn rialta agus cruthaítear bileoga nua le riar ar riachtanais na gcuairteoirí. Tá bileoga gníomhaíochta speisialta ag Comhairle an Iúir agus Mhúrn chomh maith le clár imeachtaí, bileog ghinearálta don choigríoch, rian oidhreachta an Iúir, srl. tá mioneolaire nua cruthaithe ag an Chomhairle i mbliana atá dingthe agus plódaithe le heolas úsáideach. Rinneadh an t-eolaire a lainseáil go hoifigiúil ag Holiday World, Baile Átha Cliath. Bhí an-thoradh ar dhlúthdhiosca ROM a cruthaíodh agus a chuireann an tlúr agus Múrna chun cinn.

### TRÁ NA CREAMHCHOILLE
Tá trá na Creamhchoille suite i suíomh idileach ag Béal Loch Cairlinn agus Beanna Bóirche maorga ina gcúlra drámatúil.

Tá áiseanna sármhaithe ar fáil do chuairteoirí ar an trá a bhfuil a haghaidh ó dheas cé acu tá siúlóid dheas nó gníomhaíocht uisce níos fuinniúla de dhíth ort agus is suíomh den chéad scoth é don teaghlach agus trá fhada ghainmheach agus uisce glan le haghaidh snámha.

Bronnadh an Bratach Gorm tábhachtach, a bhronntar ar thránna agus ar chuanta ar fud na hEorpa a chomhlíonann critéir ghéara maidir le caighdeán uisce agus bainistíocht na timpeallachta maraon, uirthi Cuirtear an scéim i bhfeidhm ó 1987 agus leagan sí síos caighdeáin coiteann maidir le bainistíocht mhaith ar fud na hEorpa.

Tá Comhairle an Iúir agus Mhúrn freagrach as bainistíocht na trá ar bhonn laethúil agus tá gardaí tarrthála á bhfostú ag an Chomhairle a bhíonn ar dualgas i rith mhíonna an tsamhraidh.

Tá infheistíocht £40,000 caite ag Comhairle an Iúir agus Mhúrn sa dá bhliain seo caite chun áiseanna Thrá na Creamhchoille a fheabhsú agus sleamhnán nua, páirc leantóra, rampaí luais, bealaí isteach míchumais agus painéil eolais san áireamh. Táthar ag tabhairt chun críche córas bainistíochta le haghaidh oibriú an tsleamhnáin ag úsáideoirí cláraithe agus cuirfear i bhfeidhm é seo do shéasúr 2005.

Táthar ag tabhairt pleananna chun críche fosta chun an foirgneamh leithris agus taitneamhachta a mhéadú. San fhoirgneamh nua beidh cithfholcadáin fhirinscneacha/bhaininscneacha agus seomra gléasta, seomra gléasta teaghlaigh, seomra gartharrthála, agus leithris agus cithfholcadáin mhíchumais. Fuair an tionscnamh maoiniú ón Chlár Turasóireachta Acmhainn Nádúrtha atá á sholáthar ag Iontaobhas Oidhreachta Mhúrn.

### SCÉIM FEABHSAITHE TIMPEALLACHTA ÁTH NA LONG
Tháinig an Chomhairle le chéile le RTFT, le RFR agus le pobal áitiúil Áth na Long chun sraith Feabhsaithe Timpeallachta a chur i bhfeidhm sa bhaile. Bhí thart ar £155,000 sa phacáiste maoinithe iomlán. Rinneadh roinnt feabhsaithe eile le linn na scéime ag TB, Seirbhís Bóithre agus LTÉ.

Cuimsíonn an obair roinnt feabhsuithe timpeallachta éagsúla do lár bhaile Áth na Long agus a thimpeallacht máguaird agus cáblaí faoin talamh, athfheabhsú dromchla bóithre agus cosán, troscán sráide, soilse, gabhdán bruscair, ceapacha plandála ardaithe, comharthaíocht agus oibreacha plandála.

Chuidigh an tsraith feabhsuithe timpeallachta le cur leis an infheistíocht fhairsing a tharla chun an cuan a athdheisiú mar chuan oibre agus chaitheamh aimsire. Baineann líon na soithí cuairteora a fheistíonn ag an phontún atá ag méadú, baineann siad sult as an timpeallacht phléisiúrtha.

### PÁIRTÍOCHT THURASÓIREACHTA AN RÉIGIÚIN TEORANN OIRTHEARAIGH
Mar chuid den dea-chaidreamh oibre le comhairlí eile ar an dá thaobh den teorainn is pairtí tábhachtach í Comhairle an Iúir agus Mhúrn i ngrúpa turasóireachta corraitheach nua. I gcomhar le Comhairlí Contae Lú agus Mhuineacháin, Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha, Comhairle Buirge na hAirde, Comhairle Ceantair Dhroichead na Banna, Comhairle Buirge Charraig na hAbhann agus Comhairle Ceantair an Dúin, tá Páirtíocht Thurasóireachta an Réigiúin Teorann Oirthearaigh cruthaithe ag Comhairle an Iúir agus Mhúrn.

Tá níos mó ná £2.6 milliún curtha ar fáil ag PTRTO do na Comhairlí trí Interreg agus chómhaoiniú thar tréimhse 4 bliana chun roinnt tionscnamh turasóireachta trasteorann nuálacha a sholáthar. Is tionscnamh nuálach é fosta an tionscnamh ós rud é gurb é seo an chéad uair a tháinig grúpa trasteorann mar seo le chéile ar an leibhéal seo chun réimse leathan de thionscnaimh, agus de bhearta a sholáthar. Creidtear gurbh é an toradh air seo ná mórthionchar dearfach ar thurasóireacht thrasteorann sa Réigiún. Is é an aidhm iomlán ná cúnamh na turasóireachta do gheilleagar an Réigiúin a mhéadú agus déanfar seo trí sholáthar clár beart comhordaithe a dhéanfaidh tionscnamh na turasóireachta a dhaingniú ina iomlán.

I gceantar an Iúir agus Mhúrn beidh an bhéim ar athfheabhsú baile/baile mhóir, ar fhorbairt rianta siúlóide agus ar chlár imeachtaí agus féilte. Bhí torthaí an chláir le feiceáil i gceantar an Iúir agus Mhúrn i mí Lúnasa seo caite nuair a úsáideadh cuid den mhaoiniú chun Féile Uigingeach a thionól.

Ba sheans sármhaith é chun Duga Ailbhe a thaispeáint agus an áit shármhaith seo a úsáid nuair a sheol dhá Long Uigingeacha de chuid Ghrúpa Uigingeach Ard Ghlas isteach sa Duga. B'ócáid uathúil é seo i stair an uiscebhealaigh stairiúil seo agus thug sé seans iontach do dhaoine na soithí stairiúla seo a fheiceáil. B'fhócas iad an dá shoitheach seo do na rásaí Uigingeacha a bhí ar siúl i rith an deireadh seachtaine. Le linn an deireadh seachtaine bhí siamsaíocht curtha ar fáil do chuairteoirí agus do dhaoine áitiúla ag éagsúlacht de thallann na háite. Mar thoradh ar an Fhéile Uigingeach a d'eagraigh an Chomhairle agus ar Fhéile Cheoil, Mhiotas agus Fhinscéalta a d'eagraigh Teach Ailt na bhFiach le linn an deireadh seachtaine chéanna cruinníodh níos mó ná £6,000 d'Ospís an Cheantair Theas.

Le tuilleadh eolais déan teagmháil le:
Michelle Boyle, Teil: 028 3031 3233,
Ríomhphost: michelle.boyle@newryandmourne.gov.uk





# Plean Gníomhaíochtaí Eacnamaíoch 2001-2007

I mí Meán Fómhair 2001 bronnadh deontas £1,279,500 ar CIM don tréimhse 2001-2007. Thug an Chomhairle cómhaoiniú agus cuirtear cuidiú maoinithe £2,559,000 san iomlán.

Samplaí cuid de na tionscnaimh a fuair maoiniú faoi Phlean Gníomhaíochta Eacnamaíoch Chomhairle an Iúir agus Mhúrn.

### A) Oifig Chomhairle Tuaithe an Iúir agus Mhúrn.

Cuireann an clár seo na seirbhísí a leanas ar fáil:

- Cuidiú le hoifig chomhairle tuaithe iomlán le haghaidh comhordaithe.
- Cuidiú le forbairt nascanna foirmeálta agus neamhfhoirméalta idir gníomhairí agus údaráis na hearnála poiblí leis an phobal feirmeoireachta.

An ceantar a chumasú le ceannasaíocht a chur ar fáil laistigh den phobal feirmeoireachta.


Faigheann Oifig Chomhairle Tuaithe an Iúir agus Mhúrn deontas £60,000 thar tréimhse dhá bhliain fá choinne an tionscnaimh seo.

### B) Forbairt Ionad Gnó Fhoirceala

Cuireadh cuidiú ar fáil do Chumann Forbartha Fhoirceala chun Ionad Gnó Fhoirceala a chríochnú faoi Thionscnamh Crisp de chuid CIÉ/RFS. Faoi thionscnamh Ionad Gnó Fhoirceala tógadh 12 aonad oifige agus 1 aonad tionsclaíoch éadrom atá lonnaithe i lár bhaile Fhoirceala. Osclaíodh an tIonad Gnó i mí Bealtaine 2004. Fuair Cumann Forbartha Fhoirceala £25,000 fá choinne an tionscnaimh seo.

### C) Forbairt Ionad Gnó an Phointe

Chuidigh an Chomhairle le forbairt ionad speisialta TCE agus spás tionsclaíoch éadrom de mhéid 6000 troigh chearnacha ag Ionad Gnó an Phointe. Cruthaíodh 10 n-ionad oibre nua san iomlán chomh maith le 18 post nua. Deonaíodh £200,000 don tionscnamh seo faoi Plean Gníomhaíochta Eacnamaíoch na Comhairle.



### D) Pointe Gnó 2003 agus 2004

Chuidigh an Chomhairle le dhá chlár dar teideal Pointe Gnó 2003 agus Pointe Gnó 2004. Chuir an dá chlár a soláthraíodh ag Gníomhaire Fiontair an Iúir agus Mhúrn, chuir siad seirbhís eolais ar fáil do níos mó ná 2,000 comhlacht i gCeantar an Iúir agus Mhúrn. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ann cruthaíodh bunachar sonraí lárnach le chéile maidir le hachan chomhlacht sa cheantar. Bhí roinnt imeachtaí teagmhála ar siúl ar fud an cheantair thar tréimhse dhá bhliain.

### E) Fuilleamhóirí i ndaoine

Is í príomhaidhm an Chlár Fuilleamhóirí i nDaoine aitheantas a thabhairt do ghrúpa naoi gcomhlacht mar 'Fuilleamhóirí i nDaoine.' Eagraíodh seimineáir agus ceardlanna ar fud an cheantair chomh maith le cuairteanna comhairlithe chun páirtithe a chumasú le creidiúint a fháil. Bhí an clár seo ar siúl le 18 mí agus fuair sé £4,000 as Plean Gníomhaíochta Eacnamaíoch na Comhairle.

### F) Cumann Forbartha Chill Chaoil

Tugadh deontas £40,000 don Chumann le haghaidh phlean Athfheabhsaithe agus Forbartha.

### G) Clár Féilte Ard Mhacha Theas

Bunaíodh Clár Féilte Ard Mhacha Theas i 2003. Ba phríomhaidhm leis tógáil ar thorthaí Fhéile Chamlocha trí chur chun cinn agus trí fhorbairt imeachtaí agus féilte ar fud Ard Mhacha Theas. D'éirigh go maith le féilte mar Triathlon Chamlocha agus Féile Siúlóide Ard Mhacha Theas. Bronnadh ?60,000 ar Chlár Féilte Ard Mhacha Theas thar tréimhse dhá bhliain.

Seo cuid de na tionscnaimh ar chuidigh an Chomhairle leo faoin Phlean Gníomhaíochta Eacnamaíoch. Go dtí seo tá 93% dá maoiniú geallta ag an Chomhairle ón phlean seo.

Le tuilleadh eolais déan teagmháil le:
Mr. Jonathan McGilly,
Teil: 028 3031 3233
Ríomhphost: jonathan.mcgilly@
newryandmourne.gov.uk

# Clár Ta Pobail

Tá Aonad Seirbhísí Pobail de chuid Roinn Fhorbairt an Cheantair freagrach as na seirbhísí a leanas:

- Obair fhorbartha pobail go ginearálta ach go háirithe maidir le caitheamh aimsire, oideachas pobail, pleanáil agus áiseanna comharsanachta pobail
- Forbairt ionad pobail idir iad atá faoi mhaoiniú agus iad a chuirtear ar fáil ag an Chomhairle
- Bainistíocht na n-áiseanna pobail uilig a sholáthraíonn an Chomhairle
- Comhairle agus maoiniú a thabhairt do na hEarnálacha Deonacha agus Pobail
- Forbairt agus maoiniú le haghaidh Seirbhísí Comhairliúcháin
- Forbairt agus maoiniú le haghaidh Féilte Pobail agus Clár Mórimeachtaí na Comhairle
- Forbairt Faichí Súgartha, Straitéis Fhorbairt Súgartha na Comhairle agus Scéimeanna Samhraidh
- Forbairt nascanna idir an Chomhairle agus Comhairle nan Eilean Siar agus Comhairle Contae an Chláir

Ó 1976 tá 19 ionad pobail tógtha d'aon ghnó ag an Chomhairle fud fad Cheantar an Iúir agus Mhúrn agus tá maoiniú tugtha aici do 7 n-ionad pobail deonach. Seo a leanas roinnt de na hionaid:

### Áras Pobail Áth na Long

Tá Áras Pobail Áth na Long suite ag Páirc Mara Áth na Long, siúl gairid ó Mhuileann Arbhair Áth na Long. I measc na n-áiseanna, tá halla gníomhaíochtaí ilchuspóireach, seomra cruinnithe agus cistin lántrealmhaithe chomh maith le lóistín teagmhasach. Tá seirbhís mionbhus ar siúl ag an Chumann Pobail a úsáideann grúpaí áitiúla le taisteal chuig imeachtaí éagúla, mar shampla turais na bpinsinéirí agus comórtais bollaí.

### Áras Pobail na Boirne

Suite i lár phobal tuaithe gnóthach beoga is seanscoil nuadheisithe é Áras Pobail na Boirne. I measc na n-áiseanna tá halla ilchuspóireach le

# caíochta

hardán, 2 sheomra cruinnithe, áiseanna naíscoile agus cistin nua-aimseartha lántrealmhaithe. Tá an tÁras suite in aice le Faiche na Boirne ina bhfuil páirc agus spás súgartha do pháistí.

### Áras Pobail na Cluana/ Bhóthar Ard Mhacha

Osclaíodh Áras Pobail na Cluana/Bhóthar Ard Mhacha i 1987 agus tá sé suite ar Bhóthar Chill Shléibhe, an tIúr agus cuimsíonn sé príomh-halla gníomhaíochta le hardán iomlán, seomra cluichí ilchuspóireach, áiseanna naíscoile, cithfholcadáin agus seomra gléasta. Tá faiche súgartha taobh amuigh agus cúirt leadóige/achar peile. Tá an t-ionad in aice le páirceanna lánmhéide sacair agus peile gaelaí agus cuimsíonn sé Aonaid Ghnó na nGeataí Bána.

### Áras Pobail an tSrutháin

Osclaíodh Áras Pobail an tSrutháin ag Páirc na Linne, an Sruthan, i 1992 agus tá sé siúl gairid ó bhaile an tSrutháin agus na heastáit tithíochta áitiúla. I measc na n-áiseanna tá halla gníomhaíochta ilchuspóireach le dánlann radhairc. Riarann an halla ar imeachtaí ealaíne agus sóisialta agus gníomhaíochtaí spórtúla mar chispheil, líonpheil, leadóg thábla srl. Tá ardán lántrealmhaithe ann le córas soilsithe nua-aimseartha le haghaidh léirithe dráma. Baintear úsáid as an fhoirgneamh ilchuspóireach ag Club Iarscoile, Grúpa Pinsinéirí, Club Stróc agus bíonn cruinnithe rialta ann. Chomh maith leis seo, tá cistin lántrealmhaithe, dhá chithfholcadán agus seomraí gléasta agus seomra cruinnithe mór san fhoirgneamh.

### Áras Pobail Chrois Mhic Lionnáin

Is sárshampla é Áras Pobail Chrois Mhic Lionnáin – ionad réigiúnda Ard Mhacha Theas – de chomhoibriú idirghníomhaireacht ós rud é go bhfuil leabharlann, áis naíscoile agus Ionad Lae Seirbhísí Sóisialta san fhoirgneamh, chomh maith le hoifigí Gréasán Ban Tuaithe Ard Mhacha Theas. I measc na n-áiseanna tá príomh-halla gníomhaíochta agus ardán lántrealmhaithe agus áiseanna cleachta agus gléasta, 2 sheomra cruinnithe, oifigí, cistin lántrealmhaithe, ardaitheoir staighre do dhaoine míchumasacha agus pointí ríomhaireachta. Bíonn réimse leathan de ghníomhaíochtaí ar siúl san Ionad mar cheol, aclaíocht folláine, bollaí agus rince gaelach. Gach Máirt bíonn clinicí Cearta Leasa agus Feidhmeannas Tithíochta ar siúl ar maidin agus Oifig Chomhairle an tSaoránaigh san iarnóin. Tá an t-ionad ar fáil fosta do chruinnithe poiblí agus príobháideacha. Má tá eolas breise de dhíth ort maidir le hIonad Pobail gar do d'áit chónaithe déan teagmháil le hAonad Seirbhísí Pobail ar 028 3031 3233.

### Community Centres

Ionad Pobail na Ríochta
Ionad Pobail Choilleach Eanaigh
Ionad Pobail na Doirse
Ionad Pobail na Cloiche Riabhach/Páirc Uí Chinnéide
Ionad Pobail an tSrutháin
Ionad Pobail Cheantar an Iúir
Ionad Pobail Lios Droim gCuileann
Ionad Pobail na Cluana/Bhóthar Ard Mhacha
Ionad Pobail an Mhullaigh Bháin
Ionad Pobail Fhoircil
Ionad Pobail na dTrí Bhealach
Ionad Pobail Dhroim an Tí/Bhaile an Chláir
Ionad Pobail Theach Loanda
Ionad Pobail na Boirne
Ionad Pobail Bhóthar Chití
Ionad Pobail Lios Liath
Ionad Pobail na Maighe
Ionad Pobail Chorr Leacht
Ionad Pobail Bhaile Hill
Ionad Pobail Ath na Long
Ionad Pobail na Bearna Míne
Ionad Pobail na Cabhraigh
Ionad Pobail Chrois Mhic Lionnáin
Ionad Pobail Lios na Groí
Ionad Pobail an Bhaile Úir

Le tuilleadh eolais déan teagmháil le: Catherine Donnelly, teil: 028 3031 3233, Ríomhphost: catherine.donnelly@ newryandmourne.gov.uk





## PÁIRTÍOCHT STRAITÉISE ÁITIÚLA AN IÚIR AGUS MHÚRN

### BAINEANN POBAIL ÁITIÚLA SOCHAR AS MAOINIÚ AE

Ó bunaíodh Páirtíocht Straitéise Áitiúla an Iúir agus Mhúrn i mí na Samhna 2001 tá deontais £3 mhilliún san iomlán bronnta ar níos mó ná 80 tionscnamh ar fud an cheantair chomhairle ag an eagraíocht atá freagrach as riarachán maoinithe faoi Chlár AE Síochána agus Athmhuintearais (Síocháin II). Tá an PSA faoi riarachán na Comhairle i gcomhar le Gníomhaire Fiontair an Iúir agus Mhúrn.

Is ceann de phríomhaidhmeanna PSA ná obair i gcomhar le pobail áitiúla chun tionscnaimh a aimsiú agus a thacú a chuideoidh le forbairt a gceantair. Tá eiseamláir den aidhm seo i nDoire Beag, áit ar aithin a Cumann Pobail go raibh gá le scéim feabhsú timpeallachta agus le forbairt áiseanna spóirt sa cheantar. D'éirigh leis an Chumann Pobail maoiniú a fháil ón PSA agus ón Chiste Pobail Áitiúil de chuid Roinn Fhorbairt Shóisialta (RFS) chun tús a chur leis an chéad chuid den tionscnamh

Cuireadh deireadh leis an scéim i mí Aibreáin 2004 ar chostas £50,000 agus is eiseamláir é de cad é mar is féidir le pobal áitiúil, agus iad ag obair i gcomhar leis an Chomhairle, leis an PSA, leis an RFS agus le gníomhairí áitiúla eile mar an Feidhmeannas Tithíochta, cad é mar is féidir leo tionscnaimh a fhorbairt ina gceantar do bhuntáiste an phobail iomláin.

Le tuilleadh eolais maidir le hobair PSA an Iúir agus Mhúrn déan teagmháil, le do thoil, le Deirdre Convery, Oifig an PSA ar 028 3026 6933. email: deirdre@ newryandmournelsp.com

# Polasaí Dátheangachais

## Chomhairle an Iúir agus Mhúrn

Cruthaíodh an Polasaí Dátheangachais ag an Chomhairle le fócas a sholáthar do chur chun cinn agus d'úsáid na Gaeilge ar bhonn leanúnach. Pléann an Polasaí le cúrsaí teanga amháin agus leag an Chomhairle an Polasaí amach i ndiaidh dul i gcomhairle le Coiste na Gaeilge de chuid na Comhairle a ionadaíonn thar ceann níos mó ná 30 grúpa forbartha/pobail na Gaeilge fud fad an cheantair.

Is iad an dá bhunchuspóir atá laistigh den pholasaí ná chun:

(a) A chur ar chumas aon duine a fhaigheann seirbhís ón Chomhairle, sin a dhéanamh trí Ghaeilge nó trí Bhéarla, de réir mar is mian leis/léi

(b) An Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn i riarachán inmheánach na Comhairle, i ndéileáil le comhairlí poiblí eile nó le heagraíocht ar bith a chuireann seirbhís ar fáil do phobal an Iúir agus Mhúrn

Déanann Aonad na Gaeilge an cur i bhfeidhm seo a éascú trí sheirbhís aistriúcháin, trí chuidiú agus comhairle le soláthar ábhar dátheangach, comharthaíocht srl agus trí oibriú Choiste Inmheánach an Dátheangachais.

Is uirlis ar leith é an Polasaí Dátheangachais don Chomhairle chun an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chur i gcrích. Faoin Chairt tá muintir Cheantar an Iúir agus Mhúrn i dteideal seirbhísí trí mheán na Gaeilge ón earnáil phoiblí agus áisíneachtaí rialtais, agus Comhairle an Iúir agus Mhúrn san áireamh.

Chomh maith leis sin cuireann an Chomhairle comharthaíocht dhátheangach suas ar shráideanna agus ar bhóithre de réir thoil mhuintir na háite.

### An bhfuil a fhios agat ....

- Go bhfuil 20% de dhaonra an Iúir agus Mhúrn (17,000 duine) ábalta an Ghaeilge a labhairt, a scríobh nó a thuigbheáil, de réir Dhaonáirimh 2001, méadú de 10% ar Dhaonáireamh 1991?
- Go bhfuil dhá Ghaelscoil sa cheantar - Bunscoil an Iúir, agus Gaelscoil Phádraig Naofa i gCrois Mhic Lionnáin - chomh maith le trí Naíscoil ar an Iúr, i mBéal Átha an Airgid agus i gCamloch?

Le tuilleadh eolais ar chúrsaí Gaeilge nó chun cóip de Pholasaí Dátheangachais Chomhairle an Iúir agus Mhúrn a fháil déantar teagmháil le:

Oifig na Gaeilge, Comhairle an Iúir agus Mhúrn. An Bruach Glas. An tIúr. BT34 2QU. Teil: 028 3031 3258
Ríomhphost: kieran.murphy@newryandmourne.gov.uk
teresa.mcavoy@newryandmourne.gov.uk

# Forbairt na Gaeilge i gCeantar an Iúir agus Mhúrn

Tá príomhról ag Aonad na Gaeilge de chuid Roinn Fhorbairt an Cheantair de Chomhairle an Iúir agus Mhúrn i gcur chun cinn na Gaeilge.

Cuidíonn Aonad na Gaeilge le grúpaí Gaeilge sa cheantar chun:

- ranganna Gaeilge a reachtáil d'fhoghlaimeoirí de ghach leibhéal
- cainteanna agus léachtaí a eagrú ar ghnéithe éagsúla na Gaeilge
- coláistí samhraidh a bhunú do pháistí
- imeachtaí agus féilte Gaeilge a bhunú
- comharthaíocht dhátheangach nó Gaeilge a thógáil
- achainíocht a dhéanamh le haghaidh chomharthaíochta sráide
- tacú le foghlaimeoirí óga trí sholáthair scolaireachtaí Gaeltachta ag feiseanna áitiúla
- tacú le naíscoileanna agus le bunscoileanna áitiúla
- ábhar dátheagach nó Gaeilge a fhoilsiú mar fhéilirí, leabhráin bhailte fearainn, bileoga srl.

Is iad príomhchuspóirí na mbearta thuasluaite ná chun úsáid na Gaeilge, labhairt na Gaeilge agus infheictheacht na Gaeilge ar chomharthaí srl a normálú mar rud coitianta den ghnáthshaol.

Tá Oifigigh Gaeilge de chuid Chomhairle an Iúir agus Mhúrn lán-sásta le teacht amach agus le buaileadh le grúpaí ar mhaith leo an Ghaeilge a chur chun cinn ina gcumann pobail, cumann spóirt nó paróiste.

Le tuilleadh eolais dean teagmháil le:
Aonad na Gaeilge
Teil: (028) 3031 3258
Ríomhphost: kieran.murphy@newryandmourne.gov.uk






# Albainis Uladh

Ba í Comhairle an Iúir agus Mhúrn an chéad údarás áitiúil i dtuaisceart na hÉireann chun Coiste Albainis Uladh a bhunú go hoifigiúil i mí na Samhna 2001. Tá 10 comhairleoir ar an Choiste chomh maith le hionadaithe ó ghrúpaí Albainis Uladh ar fud an cheantair. Riarann an Coiste búiséad Dheontas Deonach beag a chuidíonn leis na grúpaí chun imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha a eagrú i rith na bliana.
I gceantar an Iúir agus Mhúrn cuimsíonn forbairt Albainis Uladh gnéithe leathana den chultúr agus ceol, damhsa, bannaí píbe agus druma, agus athléirithe stairiúla san áireamh.

*Straitéis Forbartha Cultúrtha agus Plean Gníomhaíochta*

Ghlac Comhairle an Iúir agus Mhúrn le Straitéis Forbartha agus Plean Gníomhaíochta fá choinne Albainis Uladh a leagann síos cuspóirí don Choiste thar tréimhse 3-5 bliana agus próiseas teagmhála idir grúpaí, bunú ranganna ceoil agus féilte, forbairt bhailiú maoinithe agus gnéithe eile san áireamh. Táthar ag dúil go ndéanfaidh na grúpaí éagsúla cláir agus tionscnaimh áirithe a sholáthar chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Is féidir tuilleadh eolais nó cóip den Straitéis Forbartha agus Plean a fháil ó Roinn Fhorbairt an Cheantair ar 028 3031 3031.

# Comhairle an Iúir agus Mhúrn - Aonad Forbartha Spóirt

## Cláracha Tógála

Cuimsíonn cláracha tógála nua le déanaí soláthair chlubsheomraí nua do Chumann Bollaí an Phointe ag Páirc Chluain Dalláin, An Pointe ar chostas £65,000. Tá Chumann Bollaí an Phointe lán-sásta leis an socrú seo agus i measc na n-áiseanna nua beidh cistin lán-treamhlaithe, seomra gléasta tirim agus seomra sóisialta chomh maith le stórais.

## Cláracha Forbartha Spóirt Scéim Traenála an tSamhraidh 2005

Tá ceann de na scéimeanna samhraidh is cuimsithí agus is mó i dTuaisceart Éireann eagraithe ag Comhairle an Iúir agus Mhúrn fá láthair i bpáirtíocht le clubanna spórtúla deonacha agus údaráis eile.

Anuraidh ní lú ná 2,500 páiste a ghlac páirt sna hionaid éagsúla ar fud cheantar Ard Mhacha Theas agus an Dúin Theas.

Is an-fhéidearthacht í Scéim Traenála an tSamhraidh do dhaoine óga ó ocht mbliana go sé bliana déag d'aois (baineann sé seo le riachtanais, spórt agus ionad) le sult a bhaint as cuid de na spóirt agus na háiseanna is fearr atá ar fáil i gceantar an Iúir agus Mhúrn.

Tá an-mhaoiniú tugtha ag an Chomhairle don tionscnamh seo, atá ina pháirtíocht idir Coiste Forbartha Spóirt na Comhairle agus Clubanna Áitiúla, le cinntiú gur féidir le hachan duine bheith páirteach.

Rithfidh na himeachtaí trí mhíonna Iúil agus Lúnasa agus cuirfear bileoga eolais ar fáil ó dheireadh mhí Bealtaine. Tá sonraína scéime faoi phlé fá láthair ach táthar ag dúil go mbeidh na spóirt a leanas san áireamh:

| | | |
|---|---|---|
| Leadóg | – | 4 ionad |
| Iománaíocht | – | 3 ionad |
| Galf | – | 3 ionad |
| Sacar | | 3 ionad |
| Camógaíocht | | 2 ionad |
| Peil Ghaelach | | 2 ionad |
| Liathróid láimhe | – | 2 ionad |
| Cispheil | – | 3 ionad |
| Haca | | 1 ionad |
| Snámh | – | 2 ionad |

Curachóireacht – 2 ionad – An Pointe agus Duga Ailbhe, an tIúr

## Cumann Lúthchleas Abhaic

Tháinig grúpa lúthchleasaithe a raibh gealladh fúthu le chéile le déanaí ag Ionad Spóirt an Iúir le páirt a ghlacadh ina gcuid cluichí réigiúnda. Tugtar Craobh Thuaisceart Éireann de Chumann Lúthchleas Abhaic RA ar an ghrúpa agus bunaíodh i mí Deireadh Fómhair 2003 é le tacaíocht an Chumann Crandachta chun cur ar chumas daoine le fás srianta buntáistí a bhaint as páirteachas rialta i spórt.

Mar a mhíníonn Eugene McVeigh, Cathaoirleach CLA TÉ: "Tugann spórt seans maith do dhaoine brath go maith fúthu féin, sult a bhaint as corraíl na hiomaíochta nó go simplí as an ghreann as bheith páirteach. Ach ní bhaineann CLA TÉ le spórt amháin. Is é ár n-aidhm ná ár mballraíocht a chumasú chun cairdis nua a chruthú agus íomhá dhaoine le crandacht a ardú ar dhóigh an-dearfach."

Dúirt an Leas-Mhéara, an tUas. Seán Ó Fiacháin, go raibh an-áthas air thar ceann na Comhairle bheith páirteach san imeacht i bpáirtíocht leis an DDA agus le Spórt Míchumais Thuaisceart Éireann trína n-oibrithe forbartha Elaine Alexander agus Aubrey Bingham.

I measc na gcluichí bhí Badmantan, Uni-haca, Leadóg Thábla, Peil, Cispheil, chomh maith le spórt nua a thug Patricia Fearon isteach, trampailíneacht.

Bhí an-lá ag an ghrúpa agus chuaigh siad abhaile, greim ar a gcuid bonn acu agus ar eolas fá Chlubanna Trampailíneacht ina gceantair féin - ba shin é méid a ndíograise.

## Seirbhís Oifigeach Idirghabhála Míchumais laistigh de Chomhairle an Iúir agus Mhúrn

Mar oifigeach Idirghabhála Míchumais tá mé freagrach as daoine le míchumas a spreagadh chun ár n-áiseanna a úsáid. Déantar seo trí na rudaí a leanas: feabhas a dhéanamh ar pháirteachas ar fud an cheantair, clár spóirt míchumais a chur ar fáil agus Coiste Spórtchumais a sheirbheáil a n-ionadaíonn a bhallraíocht na grúpaí míchumais is mó sa cheantar.

Tá Club Trampailíneachta agus Club Snámha againn atá eagraithe ag an Chomhairle chomh maith le scéim Chárta Oir a éascaíonn páirteachas daoine míchumasacha sa spórt. Déantar agallamh le daoine a bhfuil cárta óir acu agus tugtar clár spóirt dóibh atá fóirsteanach dá gcuid sainriachtanas. Ceadaíonn an cárta don duine páirt a ghlacadh ina rogha spórt ar lacáiste de thríocha pingin.

Le tuilleadh eolais déan teagmháil le:
Ciara Lowe
Teil: 028 3031 3137
Ríomhphost: ciara.lowe@newryandmourne.gov.uk







# Maoiniú Substaintiúil don Iarsmalann le haghaidh Thionscnamh an Dara Chogadh Domhanda

Tá deontas £10,000 faighte le déanaí ag Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn ó Chomhairle Iarsmalann Thuaisceart Éireann chun taighde a dhéanamh ar conas a chuaigh an Dara Cogadh Domhanda i bhfeidhm ar an cheantar áitiúil.

Agus an teideal 'Cogadh agus Deis ar an Teorainn' air, déanfaidh an tionscnamh scrúdú ar thaithí uathúil aimsir an chogaidh ar cheantair an Iúir agus Mhúrn, Lú agus Mhuineacháin. Díreoidh sé ar thaithí dhaoine áitiúla a chónaigh sa cheantar i rith an chogaidh, iad a lonnaigh anseo, mar shaighdiúirí agus aslonnaithe, agus daoine áitiúla a bhí ar fianas sa chogadh.

Tiocfaidh an taighde chun deiridh le leabhrán agus le taispeántas a dhéanfaidh turas ar an dá thaobh den teorainn. Cuirfidh an tionscnamh le taighde leathan atá déanta cheana féin le haghaidh tionscnaimh dar teideal "Taithí Bhaile Teorann na 20ú hAoise" a osclóidh in Iarsmalann nua an Iúir agus Mhúrn i gCaisleán Bagenal ag deireadh 2006, agus tá réamhthaispeántas le feiceáil fá láthair i dTeach Éigse Sheáin Uí Chuileannáin.

Cuimsíonn an taighde na hábhair atá thíosluaite agus bheadh an Iarsmalann an-bhuíoch dá dtiocfadh le daoine áitiúla teagmháil a dhéanamh leis an Iarsmalann má tá scéal le hinsint acu maidir leis an Dara Cogadh Domhanda.

- Cén tionchar a bhí ag an chogadh ar an gheilleagar agus ar fhostaíocht máguaird? Ar fhág daoine an ceantar le hoibriú i dtionsclaíocht an Chogaidh?
- Cén éifeacht a bhí ag an Teorainn ar mhargaí áitiúla? An raibh teacht níos fearr ag muintir an cheantair ar thoradh talmhaíochta agus an raibh feirmeoirí i margadh níos iomaíche ná an chuid eile de Thuaisceart Éireann?
- An raibh éifeacht ag an chogadh ar imirce trasteorann réamhchogaidh an Iúir (mar shampla go hAonadh an Fhostaithe) agus an ndeachaigh seo i bhfeidhm ar phostanna ó dheas den teorainn?
- Rinne cúrsaí uathúla na teorann smuigleáil agus eacnamaíocht an dúmhargaidh a éascú agus díreoidh ceann de na scrúduithe ar chomh daingean agus a bhí na rialuithe Teorann roimh agus le linn an chogaidh
- Bhí reisimintí éagsúla ar stáisiún sa cheantar agus reisimintí na Breataine Bige, reisimint East Lancashire agus trúpaí Meiriceánacha. Féachfaidh an taighde le fáil amach cad é mar a chuaigh an teorainn i bhfeidhm ar thraenáil agus ar shaoire na saighdiúirí agus cad iad na himpleachtaí a bhí ann dóibh sin a chuaigh thar an Teorainn, d'aonghnó nó go neamhdheonach

Tá Comhairle Iarsmalann Thuaisceart Éireann ag tabhairt deontais d'Iarsmalanna Áitiúla mar chuid de chúnamh Chlár Thuaisceart Éireann don fhiontar "Their Past, Your Future", atá eagraithe ag Ciste Mór an Chrannchuir a cheiliúrann comóradh 60 bliain de mhórimeachtaí dheireadh an Dara Chogadh Domhanda.

Más mian leat eolas nó iarsmaí a thabhairt don tionscnamh déan teagmháil, le do thoil, leis an Iarsmalann ar 028 3031 3182 nó ar Ríomhphost: museum@newryandmourne.gov.uk

# Séasúr Ealaíon an Earraigh/an tSamhraidh

Osclaítear doirse Theach Éigse Sheáin Uí Chuileannáin do shéasúr corraitheach an Earraigh agus an tSamhraidh.

Beidh na mílte rinceoirí, ceoltóirí agus aisteoirí ó fud fad an Iúir agus Mhúrn ar ardáin sa Teach Éigse agus i Halla an Bhaile i rith na Feise Bliantúile. Tá an "Merry Widow" á chleachtadh ag Cumann Ceolmhar agus Ceolfhoirneach an Iúir agus déanfar é a léiriú i Halla Bhaile an Iúir ó 23 Bealtaine go 28 Bealtaine.

Beidh scoth na tallainne áitiúile ar thaispeáint sna ceolchoirmeacha a bheidh ar siúl ag Banna Cheolchoirme Naomh Seosaimh ar 3 Meitheamh agus Cór na bhFear Chloch Riabhach ar 8 Meitheamh agus Scoil Drámaíochta Rozlyn Sheridan 14-17 Meitheamh.

Beidh "A Swinging Swell Party", ómós do cheol agus d'amhráin Sinatra, Garland agus Crosby ar siúl aon oíche amháin ar 23 Meitheamh.

I mí Iúil beidh Amharclann Óige Uladh agus Amharclann Óige Newpoint ag eagrú ceardlanna agus léirithe le linn Iúil agus Lúnasa.

Tá roinnt ealaíontóirí cinntithe ag Club Cheoil an Teorann – Stephen Learing ar 19 Aibreán, Eliza Gilykson 3 Bealtaine, Guy Davis 15 Bealtaine, Mark Errelli 31 Bealtaine.

Beidh Chris Hillman, Herb Pedersen agus Michael Weston King ar siúl 14 Meitheamh.

Má tá suim ag éinne i ranganna scríbhneoireachta, ceol, damhsa, dráma, ranganna ealaíne, léachtaí nó aon de na gníomhaíochtaí thuasluaite déan teagmháil le Teach Éigse Sheáin Uí Chuileannáin ar 028 3031 3180. ríomhphost: mark.hughes@newryandmourne.gov.uk



# Cad is ciall de na rátaí?

Ag cruinniú speisialta den Chomhairle Dé Luain 7 Feabhra ghearr an Chomhairle a ráta le híoc as costas na seirbhísí a chuireann sí ar fáil. Mar thoradh ar an-éifeacht in éineacht choinnigh an Chomhairle a háit atá aici fá láthair i Sraith na Rátaí.

Is é an ráta atá gearrtha ag Comhairle an Iúir agus Mhúrn don bhliain airgeadais 2005/06 ná:

**159.60 pingin** sa phunt le haghaidh tithe cónaithe

agus

**17.9933 pingin** sa phunt le haghaidh áitreabh gnó

tá an méadú seo **4.9 %** do 2005/06 níos lú ná atá gearrtha ag an chuid is mó de na Comhairlí eile i dtuaisceart na hÉireann, rud atá tábhachtach mar, nuair a chuirtear deireadh an mhaoinithe idirthréimhsigh san áireamh, tá laghdú sa Deontas Ginearálta **£441,347 – laghdú 12.3%.**

Leanann an Chomhairle lena ról ceannasach i bhforbairt iomlán an Cheantair i gcomhar le réimse leathan de pháirtithe óna hearnálacha pobail, poiblí agus príobháideacha agus is é a haidhm i 2005/2006 ná leanúint lena hobair agus a caiteachas a dhíriú ar sholáthar seirbhísí de chaighdeán ard a riarann ar riachtanais a saoránach. Léiríonn rátaí 2005/2006 clár dea-chothromaithe fá choinne caiteachas caipitil agus ioncaim chun buntáiste díreach a thabhairt dár saoránaigh.

Tá búiséad de chaiteachas caipitil iomlán socraithe ag £3.4 milliún agus is iad na príomhchodanna ná:

- Méadú leanúnach d'athchúrsáil cois cosáin £100,000
- Athfheabhsuithe ag Leithris Pháirc an Phointe £150,000
- Athfheistiú agus atógáil ag Suíomh Taitneamhachta Cathartha an Phointe £240,000
- Athdheisithe breise ar bhruach na Canála £200,000

Agus maoiniú £1.9 milliún faighte fá choinne athdheisiú Chaisleán Bagenal na 16ú aoise (iarbhácús Mhic Cana), cuirfear tús leis an phríomhthionscnamh seo i mí Márta 2005

I ndiaidh dul i gcomhairle go fairsing leagfaidh an Chomhairle amach a pleannanna don todhchaí maidir le soláthar ionad fóillíochta agus linn snámha nua i gCathair an Iúir Déanfar athfhorbairt ar phríomhshuíomh féidearthachta ag Paráid an Bhruaigh, in aice le Teach Éigse an Iúir, i bpáirtíocht leis an earnáil phríobháideach


Curtha san áireamh maidir le Meastacháin Chaipitil na Comhairle do 2005/2006 faoi théama Fhorbairt Faichí Imeartha. Soláthrófar do Pháirc Pheil Ghaelach ag Páirc Chill Bhrónaigh, Caisleán Ruairí agus d'áiseanna gléasta nua ag Bóthar Charraig an Átha, Cill Chaoil. Caithfear Cás Gnó a bheith déanta ar an dá thionscnamh, áfach, ar a ndéanfaidh an Chomhairle a machnamh ar ball beag.

Leanfaidh an Chomhairle le maoiniú a thabhairt d'fhiontair phobail trí na scéimeanna Deontas Deonach. Cumhdaíonn an búiséad iomlán **£742,730** (agus forbairt eacnamaíoch san áireamh) réimse éagsúil de scéimeanna agus de thionscnaimh. Is catailís iad fosta na deontais seo chun mórmhaoiniú eile a tharraingt anuas ó na hearnálacha poiblí/príobháideacha/pobail a chuireann go mór leis na pobail éagsúla.

## Cad is ciall leis na figiúirí?


- I mbliana táthar ag dúil go bhfaighidh Comhairle an Iúir agus Mhúrn **£15,031,613** sna Rátaí Ceantair
- Meastar go gcruthóidh táillí, an t-airgead a fhaigheann an Chomhairle as úsáid a cuid áiseanna agus as seirbhísí íoctha áirithe, go gcruthóidh siad **£2,968,518** sa bhliain le teacht
- Meastar go bhfaighfear Deontas Ginearálta, an deontas ón Rialtas Áitiúil le cuid de chostas sholáthar seirbhísí agus áitreabh gan rátaí a chumhdach, go bhfaighfear **£3,137,598** don bhliain airgeadais 2005/2006.
- Tá méadú **0.7%** sa táirgeadh den 1p rátaí tí ón bhliain seo caite. Is é an toradh ar mhéadú 1p sna rátaí tí ná cruinniú **£94,183.**

**Is é an BÚISÉAD IONCAIM IOMLÁN do 2005/2006 £22,747,811**




Is é an méid glan le bheith cruinnithe roimh an deontas ginearálta ná **£18,566,461.**

**Tá caiteachas glan Chomhairle an Iúir agus Mhúrn do 2005/2006 mar a leanas:**




(Cuimsíonn Fóillíocht cultúr agus oidhreacht, caitheamh aimsire agus spórt, turasóireacht agus seirbhísí pobail. Cuimsíonn Timpeallacht reiligí, sláinte timpeallachta, leithris, ceadúnasaíocht, bailiú dramhaíola, diúscairt dramhaíola agus rialú tógála. Cuimsíonn seirbhísí eile seirbhísí tráchtála, forbairt eacnamaíoch, ionadú daonlathach agus bainistíocht chorparáideach)

# ROINN RIALÚ TÓGÁLA: AG OBAIR AR DO SHONSA

### Cad a dhéanann muid?
Is seirbhís ríthábhachtach é Rialú Tógála a chuirtear ar fáil ag do Chomhairle áitiúil trí chur i bhfeidhm Rialacháin Tógála. Is cúram dúinn sláinte agus sábháilteacht daoine laistigh agus lasmuigh de do theach.

Is ilchumasc de riachtanais iad Rialacháin Tógála a dhéanann sláinte, sábháilteacht agus leas a chosaint de dhaoine laistigh agus lasmuigh d'fhoirgnimh. Baineann siad fosta le caomhnú breosla agus cumhachta agus sa dóigh sin cuidíonn siad le timpeallacht níos sábháilte a sholáthar dúinn agus do na glúnta le teacht. Is gné thábhachtach eile de Rialacháin Tógála soláthar bealaí isteach agus amach agus thart ar fhoirgnimh agus soláthar áiseanna áirithe atá fóirsteanach do dhaoine míchumasacha (is é sin bealach isteach/amach furasta).

### Cead Pleanála
Go minic bíonn mearbhall ann maidir le rólanna agus freagrachtaí difriúla a bhaineann le Rialú Tógála agus leis an tSeirbhís Pleanála.

Is Roinn Rialtais Lárnaigh den RC í an tSeirbhís Pleanála agus tá siad freagrach, diomaite de rudaí eile, as suíomh do thí agus as a thionchar timpeallachta agus radhairc ar an cheantar máguaird.

### Scrúduithe
Tiocfaidh suirbhéirí amach chun d'oibreacha a scrúdú ó am go ham agus iad á dtógáil.

### Teastas Críochnaithe
Nuair a bhíonn d'oibreacha críochnaithe agus nuair a bhíonn muid sásta, chomh fada agus atá muid ábalta a chinntiú, go ndearnadh achan rud de réir Rialacháin Tógála, déanfaidh muid 'Teastas Críochnaithe' a eisiúint duit. Is doiciméad tábhachtach é seo agus ba chóir duit é a chomhadú in áit shábháilte. Má dhíolann tú do theach nó má dhéanann tú athmhorgáistiú is dócha go n-iarrfaidh do dhlíodóir, do bhanc nó do Chumann Tógála cóip den Teastas Críochnaithe don teach. Is féidir go mbeadh sé riachtanach le haghaidh CLB.

### Comhairle
Tá muid anseo le cuidiú leat agus tá ár gcomhairle saor in aisce. Dá bhrí sin, más féidir linn cuidiú leat, glaoigh orainn, le do thoil. Is í an uimhir teagmhála do do sheirbhís Rialú Tógála áitiúil ná: (028) 3031 3000.
Ríomhphost: fulton.somerville@newryandmourne.gov.uk

# CEADÚNÚ

### Ár n-obair
Riarann Roinn Ceadúnaithe Chomhairle an Iúir agus Mhúrn Eisiúint agus Athnuachan Ceadúnais, Ainmníocht Sráide/Tógraí agus Uimhríocht Phostála, tógaíl ainmphlátaí sráide agus scrúduithe bliantúla agus ócáideacha ar áitreabh, le sábháilteacht an phobail a chinntiú.

### Ár dtáillí
Tá táillí socraithe ag an Roinn Ceadúnaithe do gach seirbhís ach amháin ainmníocht sráide/tograí, uimhríocht phostála agus tógáil ainmphlátaí.

### Cá gcaitheann muid ár gcuid ama?
Caitear an chuid is mó dár gcuid ama (80%) ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta a bhaineann le Ceadúnú Siamsaíochta, Ceadúnú Peitril, Cearrbhachas, Ceadúnú Pictiúrlainne agus Trádáil Sráide.


# Margadh na bhFeirmeoirí ar an Iúr

Le gairid, feicfidh muintir an Iúir teacht Mhargadh Trasteorann na bhFeirmeoirí chuig an chathair. Beidh an margadh lonnaithe ar an Iúr agus i nDún Dealgan agus é faoi phleanáil fá láthair.

Deir Brian Ó Cathair, Oifigeach Forbartha na Margaí Trasteorann "Cuirfidh Margadh na bhFeirmeoirí bealach eile chun an mhargaidh ar fáil d'fheirmeoirí ar an dá thaobh den teorainn. Cuideoidh sé le tráchtáil bhreise a chruthú don dá bhaile agus caiteoirí ag filleadh ar lár na mbailte chun a siopadóireacht sheachtainiúil a dhéanamh. Ag deireadh an lae, bainfidh achan duine sochar as Margaí na bhFeirmeoirí – feirmeoirí, caiteoirí agus trádálaithe bunaithe. Baineann achan duine sochar as trádáil bhreise. Ní hé an cheist 'ina ionad seo' ach 'chomh maith leis seo'. Tá rogha tuillte ag daoine agus sin an rud atá á tabhairt againn – saoirse na rogha".

Má tá suim ag aon duine toradh a fhás don mhargadh nó má tá smaoineamh nó moladh agat, glaoigh ar 3026 9095 nó ar ríomhphost: marketsdevelopment@newryandmourne.gov.uk







# PÁIRTÍOCHT SHÁBHÁILTEACHTA POBAIL

**Tá Páirtíocht Shábháilteacha Pobail bunaithe ag Comhairle an Iúir agus Mhúrn don cheantar. Baineann Sábháilteacht Pobail le soláthar freagraí áitiúla d'fhadhbanna áitiúla atá aitheanta ag muintir áitiúil an cheantair.**

Aithnítear go fairsing nach féidir le haon ghníomhaire amháin feabhsuithe maidir le sábháilteacht pobail a sholáthar. Ina áit sin, tá gá le daoine ó earnálacha éagsúla teacht le chéile le dul i ngleic le tionchar diúltach a chuirtear ar chaighdeán saoil achan duine ag coir, buarthaí fá choir agus ceisteanna sábháilteachta eile.

Cuimsíonn PSP an Iúir agus Mhúrn réimse leathan d'ionadaithe óna hearnálacha Deonacha, Reachtúla, Gnó agus Pobail. Cuirfidh an pháirtíocht iniúchadh cuimsitheach i bhfeidhm agus rachaidh siad i gcomhairle ar fud an cheantair le cuidiú le forbairt Phlean Gníomhaíochta Sábháilteachta Pobail agus beidh an plean seo dírithe ar fhadhbanna áitiúla.

Is an-fhéidearthacht é an Straitéis Sábháilteachta Pobail chun difear a dhéanamh do chaighdeáin saoil a lán daoine, trí aimsiú acmhainní ar leibhéal áitiúil mar fhreagra ar fhadhbanna aitheanta.

Bronnadh maoiniú ar Chomhairle an Iúir agus Mhúrn ag Aonad Sábháilteachta Pobail TÉ chun Comhordaitheoir Sábháilteachta Pobail a fhostú. Tá Denise Smyth lonnaithe ar Rae Mhuineacháin agus beidh sí ag obair ar fud an cheantair chun sábháilteacht pobail a chur chun cinn agus le cinntiú go gcuirtear tosaíochtaí i bhfeidhm mar a d'aithin an Straitéis Sábháilteachta Pobail. Chomh maith le tionscnaimh áitiúla beidh sí ina duine teagmhála do roinnt clár réigiúnda atá á gcur i bhfeidhm fá láthair ag an Aonad Sábháilteachta Pobail i mBéal Feirste. Cuirfidh na tionscnaimh seo an-fhéidearthachtaí ar fáil le cuidiú le méadú mothuithe sábhailteachta.

Téann Coir, Eagla Choire agus iompar frithshóisialta i bhfeidhm ar achan duine i gCathair an Iúir. Táthar ag súil go dtiocfadh leis na gníomhairí uilig difear a dhéanamh agus iad ag obair le chéile i ndóigh chomhordaithe.

Le tuilleadh eolais fá Shábháilteacht Pobail a fháil déan teagmháil le Denise Smyth Comhordaitheoir Sábháilteachta Pobail ar 028 30313031. Ríomhphost: denise.smith@ newryandmourne.gov.uk



# Feachtas 'Gá le Mála?'



**Bhí áthas ar Chomhairle an Iúir agus Mhúrn fáilte a chur roimh Shirley Lewis, 'Bean a' Mhála', chuig an cheantar. Tá feachtas ar siúl ag Shirley le blianta anuas chun úsáid málaí plaisteacha a laghdú. Le linn mhí Feabhra bhí an teachtaireacht á cur chun cinn aici 'Gá le mála?' agus bhí sí ag iarraidh a chur ina luí ar mhiondíoltóirí agus ar chustaiméirí smaoineamh fán mhéid málaí plaisteacha atá á úsáid acu.**

Rith coicís 'Gá le mála?' idir 5-19 Márta agus bhí mar aidhm aige:

- Úsáid málaí plaisteacha a laghdú
- Airgead a shábháil do ghnólachtaí agus do chustaiméirí
- Baill uilig an phobail a tharraingt le chéile
- Agus meas a thaispeáint don timpeallacht

Le linn di a bheith ar an Iúr thug Shirley cuairt ar Chill Chaoil, Chaisleán Ruairí, an Phointe, Chamloch, An Sruthán, an Bhaile Úr agus Chrois Mhic Lionnáin.

Is é ceann de na siopaí a d'aontaigh páirt a ghlacadh ná 'Around a Pound', Sráid Hill, an tIúr. Dúirt an bainisteoir Tom McCaughey 'tá mé go hiomlán ar thaobh an fheachtais seo. Is foinse bhruscair uafásach iad málaí plaisteacha ar fud na tíre. Beidh muid ag cur na ceiste ar ár gcustaiméirí 'An bhfuil gá le mála?'

Tá an cheist sin curtha ar chustaiméirí ó mhí na Samhna ag miondíoltóir eile, Ceirníní Carlin, Plás Sheáin Mhistéil.

Tá plaisteach athraithe go hairgead ag an úinéir Noel Griffith agus 5p tugtha don Oispís d'achan mhála diúltaithe ag custaiméirí. Mhol sé seo do shiopaí mar dhóigh chun cuidiú leis an timpeallacht agus an charthanacht áitiúil maraon. Mheas sé gur dhiúltaíodh 2000 mála ó thosaigh sé an feachtas luachmhar seo.

Dúirt Shirley, bean a' mhála: 'Is maith an rud é go bhfuil muintir an Iúir chomh feasach maidir le ceist an mhála phlaistigh mar gheall ar chomh gar agus atá siad don teorainn. Cinnte, tá a lán oibre fós le déanamh ach spreag na laethanta seo an-dóchas ionam san fheachtas atá ar siúl agam chun málaí plaisteacha a ghlanadh ón Tuaisceart fá 3 bliana.

Má tá tuilleadh eolais de dhith ort maidir leis an fheachtas is féidir leat dul ar idirlíon ar www.bagladyproductions.com nó glaoigh ar Tara Cunningham, Oifigeach Athchúrsála, 028 3031 3220. Ríomhphost: tara.cunningham@ newryandmourne.gov.uk

# Ardú Feasachta Timpeallachta sna Scoileanna agus Coláistí áitiúla

## Foghlaimíonn scoileanna fá na trí 'A'

Tá oifigigh Chomhairle an Iúir agus Mhúrn ag tabhairt cuairteanna fá láthair ar bhunscoileanna áitiúla mar chuid d'fheachtas chun feasacht a chur chun cinn maidir le hathchúrsáil agus laghdú dramhaíola sa cheantar. Tabharfar cuairteanna ar níos mó ná 30 bunscoil sa tréimhse idir Feabhra agus Bealtaine 2005

Agus iad ar comhchéim leis na fógraí teilifíse 'Rás i gCoinne Dramhaíola' atá ar siúl fá láthair, tá na cuairteanna ag cuidiú le hachan duine a spreagadh le 'Athroinnt, Athúsáid agus Athchúrsáil!'

Le linn na gcainteanna cuirtear in iúl do na daltaí maidir leis na drochfhadhbanna atá romhainn maidir le cad é mar is féidir linn ár ndramhaíl a dhiúscairt sa todhchaí. Míníonn na hOifigigh go bhfuil ár suímh líonta ag líonadh chomh gasta ná nach mbeidh muid ábalta sa todhchaí ár ndramhaíl a dhiúscairt sa dóigh seo agus é a chur sa talamh. Taispeántar eiseamláirí praiticiúla do no daltaí maidir le cad é mar is féidir linn go léir ár ndramhaíl a athroinnt, a athúsáid agus a athchúrsáil sa bhaile agus ar scoil.

## Cruinniú Éiceo na Scoileanna

I mí Feabhra 2005 thionóil Comhairle an Iúir agus Mhúrn, i gcomhar le Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt, céadchruinniú eolais Éiceo na Scoileanna fá choinne bunscoileanna agus meánscoileanna áitiúla.

Is scéim duaise é Clár Scoileanna Éiceo a bhfuil mar aidhm aige gníomh agus feasacht timpeallachta a dhéanamh ina gcodanna tábhachtacha de shaol na scoile do dhaltaí agus don fhoireann. Bronntar Bratach Glas na Scoileanna Éiceo ar na scoileanna a bhaineann amach na marcanna is airde sa Chlár Scoileanna Éiceo, duais Eorpach aitheanta.

Bhí an-fhreastal ar an chruinniú agus 15 scoil i láthair le cur i láthair a chluinstean ó Jenny McClelland, Ardscoil Dhroichead na Banna a bhfuil an Bratach Glas ina seilbh acu fá láthair, agus Ruth Yeo, iarchomhordaitheoir na Scoileanna Éiceo do thuaisceart na hÉireann. Bhí seans ag múinteoirí fosta labhairt le hoifigigh thimpeallachta na Comhairle. Táthar ag súil go spreagfaidh an cruinniú scoileanna le clárú sa scéim agus le hoibriú i dtreo an Bratach Glas a bhaint amach sa todhchaí.

## Seachtain Éiceo ag Coláiste Breisoideachais an Iúir agus Chill Chaoil

I mí Feabhra bhí an chéad Seachtain Éiceo ar siúl ag Coláiste an Iúir agus Chill Chaoil. Ghlac Oifigigh Thimpeallachta na Comhairle an seans le saincheisteanna a chur chun cinn mar bhruscar, dhramhaíl agus athchúrsáil do na scoláirí.

## Féilire Timpeallachta 2005

Dáileadh an dara Féilire Timpeallachta ar scoileanna áitiúla i mí Eanáir i mbliana. Iarradh ar ár mbunscoileanna agus ár meánscoileanna áitiúla go léir dearaí a chur isteach chugainn don Fhéilire agus roghnaíodh 13 buaiteoir ámharacha le bheith san Fhéilire. Ba í Rebecca Taylor, Ardscoil an Iúir, a bhí ina príomhbhuaiteoir agus bhí a líníocht féin ar chlúdach tosaigh an Fhéilire.

Bhí líníochtaí na 12 tánaiste ar achan leathanach míosa an Fhéilire agus ba iad siúd:

EANÁIR: Sarah McKee, Bunscoil Áth na Long

FEABHRA: Niamh Burns, Bunscoil Phádraig, Coilleach Eanaigh

MÁRTA: Cormac McAteer, Ardscoil Iósaf, an tIúr

AIBREÁN: Caolán Byrne, Bunscoil Cholmáin, Sabhall

BEALTAINE: Stacey Edwards, Bunscoil Bhreacánach Iarthair

MEITHEAMH: Aislinn O'Keefe, Ardscoil Mhuire, an tIúr








IÚIL: Colleen McCabe, Arscoil Iósaf, Crois Mhic Lionnáin

LÚNASA: Sarah Boden, Bunscoil na Gráinsí

MEÁN FÓMHAIR: Cecilia Byrne, Ardscoil Phóil, An Sruthán

DEIREADH FÓMHAIR: Keith Moan, Coláiste Cholmáin

SAMHAIN: Anna Wroe, Bunscoil Chlochar Naomh Iósaf, an tIúr

MÍ NA NOLLAG: Rebecca Russel, Bunscoil Bhríde, An Ghlasdromainn

Tionóladh tíolacadh fá choinne na mbuaiteoirí ámharacha uilig in óstán Chúirt na Canála mar a bhfuair na daltaí duaiseanna a bhí urraithe ag comhlachtaí timpeallachta áitiúla.

Is foinse eolais é an Féilire Timpeallachta do scoileanna mar cuireann sé raidhse eolais maidir le saincheisteanna timpeallachta ar fáil chomh maith le seoltaí idirlín cuí ar a bhfuil daltaí ábalta theacht agus iad ag déanamh taighde ar thionscnaimh thimpeallachta agus tá sé úsáideach do mhúinteoirí a bhfuil ceachtanna le hullmhú acu.

Le tuilleadh eolais déan teagmháil le:
Patrick McShane
Teil: 028 3031 3118
Ríomhphost:
patrick.mcshane@
newryandmourne.gov.uk

# Tugann UTV cuairt ar Bhunscoil Naomh Dallán, an Pointe

I mí Feabhra bhí Bunscoil Naomh Dallán páirteach sa chlár nuachta tráthnóna 'UTV Live'. Is í an chéad bunscoil sa cheantar í chun foireann iomlán de ghabhdáin athchúrsála a fháil agus bhí áthas an domhain ar dhaltaí, ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí a bheith páirteach san fhiontar athchúrsála nua.

Tugadh cuireadh do thuairisceoir agus d'fhear ceamara teacht chun na scoile agus chaith siad iarnóin ansin agus iad ag scannánú na bpáistí, na dtuismitheoirí agus na múinteoirí.

Tá córas curtha suas ag na páistí chun ábhar athchúrsála a bhailiú laistigh den scoil. Tá 'EICEO-fhoireann' speisialta ceaptha i mbun chúrsaí athchúrsála agus bhí an-spéis ag UTV a fheiceáil conas a tugadh úinéireacht na scéime do na páistí. Scannánaigh UTV na páistí agus iad in aicsean agus rinne siad agallaimh le roinnt daoine agus múinteoir atá freagrach as cur i bhfeidhm na scéime, oifigeach de chuid na Comhairle agus roinnt ball den EICEO-fhoireann san áireamh.

Spreagadh tuismitheoirí chun gloine, plaisteach agus alúmanam a athchúrsáil agus iad ag fágáil a bpáistí ar scoil agus meastar go mbainfidh daonra de 800 ar a laghad úsáid as na gabhdáin ar bhonn rialta. Chomh fada, chomh maith – tá ag éirí go sármhaith leis na gabhdáin athchúrsála!



# Maidineacha Caife 'Cóirthrádáil' ar siúl ag Fostaithe na Comhairle

Thionóil fostaithe Chomhairle an Iúir agus Mhúrn Maidin Chaife Chóirthradála ag bialanna na foirne ar an Iúr. Bhí seans ag fostaithe réimse táirgí Cóirthrádála a bhlaiseadh agus caife, tae, brioscaí agus seacláid san áireamh.

Thug Coiste Rialú Timpeallachta na Comhairle gealltanas d'OXFAM TÉ le déanaí comhoibriú a dhéanamh leo chun feachtas Cóirthrádála a chur chun cinn ar fud an cheantair. Is tús iad na maidineacha caife de shraith imeachtaí a chuirfidh in iúl don fhoireann, do ghnólachtaí agus don phobal chomh luachmhar agus atá sé táirgí Cóirthrádála a aimsiú.

Agus Táirgí Cóirthrádála á gceannach ag caiteoirí is féidir ról tábhachtach a imirt i bhfeabhsú an stádais eacnamaíoch do tháirgeoirí tae, caife, cócó agus bananaí sna tíorthaí atá ag fás. Tá táirgí Cóirthrádála ar fáil sa chuid is mó d'ollmhargaí móra. Is éasca iad a aithint ar an chomhartha Cóirthrádála a ráthaíonn go bhfuil caiteoirí ag ceannach go díreach ó fheirmeoirí ó na tíortha siúd ar phraghas cothrom.

Bhí Suzie Hamilton, Oifigeach Feachtais agus Poiblíochta OXFAM TÉ, i láthair chun eolas a thabhairt d'fhostaithe maidir le Feachtas Cóirthrádála.

Má tá eolas breise de dhíth ar aon duine maidir le Cóirtrádáil agus obair OXFAM is féidir é a fháil ar www.oxfam.ie

# A go Z de Sheirbhísí na Comhairle

www.newryandmourne.gov.uk

| | |
|---|---|
| Áiseanna Ealaíne | 028 3026 6232 |
| Airgeadas | 028 3031 3031 |
| Albainnis Uladh | 028 3031 3233 |
| Athchúrsáil | 028 3031 3233 |
| Bailiú Bruscair | 028 3031 3218/3217 |
| Bailiú Dramhaíola Toirtí | 028 3031 3233 |
| Caidrimh Phoiblí | 028 3031 3259 |
| Clárú Breitheanna, Básanna agus Póstaí | 028 3031 3031 |
| Cosaint Tomhaltóra | 028 3031 3100 |
| Cothabháil Faichí | 028 3031 3233 |
| Diúscairt Dramhaíola | 028 3085 1914 |
| Forbairt Eacnamaíochta | 028 3031 3233 |
| Forbairt na Gaeilge | 028 3031 3233 |
| Forbairt Spóirt | 028 3031 3233 |
| Glanadh Sráide | 028 3031 3233 |
| Leithris Phoiblí | 028 3031 3233 |
| Margaí agus Aontaí | 028 3026 3004 |
| Reiligí | 028 3031 3233 |
| Rialú Madaí | 028 3031 3100 |
| Rialú Tógála | 028 3031 3000 |
| Rialú Truaillithe | 028 3031 3100 |
| Riarachán | 028 3031 3031 |
| Seirbhís Bhailiúcháin Scipe | 028 3031 3218/3217 |
| Seirbhís Iarsmalainne | 028 3026 6232 |
| Seirbhísí Spóirt/Fóillíochta | 028 3031 3233 |
| Seirbhísí Pobail | 028 3031 3233 |
| Sláinteachas Bia | 028 30313100 |
| Sláinte Phoiblí | 028 3031 3100 |
| Turasóireacht | 028 3031 3255 |
| **Ionaid Fóillíochta** | |
| Ionad Spóirt Chill Chaoil | 028 4176 4666 |
| Ionad Spóirt an Iúir | 028 3026 7322 |
| Linn Snámha an Iúir | 028 3026 3481 |
| **Páirceanna agus Spásanna Oscailte** | |
| Páirc Mhara Áth na Long | 028 4376 8736 |
| Faiche Conláiste Chreamhchoill | 028 4176 4321 |
| Páirc Chill Bhrónaigh | 028 4173 8134 |
| Pailliún Bollaí Chill Chaoil | 028 4176 3886 |
| Asplanáid Bhoirche, Cill Chaoil | 028 4176 4666 |
| **Turasóireacht** | |
| Oifig Turasóireachta an Iúir | 028 3026 4780 |
| Oifig Turasóireachta Chrois Mhic Lionnáin | 028 3086 8900 |
| Oifig Turasóireachta An Phointe | 028 4175 2256 |
| **Hallaí Baile** | |
| An tIúr | 028 3026 4780 |
| An Pointe | 028 4175 2256 |
| Cill Chaoil | 028 4176 3092 |
| Tar Éis an Ama | 028 3026 7628 nó 0771 4345291<br>028 4066 9180 nó 0775 9311065 |

# TUAIRIMÍ AGUS AISEOLAS

Tá súil againn gur bhain tú sult as an eagrán seo de Nuachtlitir an tSaoránaigh agus tá suim againn i do chuid tuairimí. Má tá ábhar ar bith ba mhaith leat a fheiceáil sna heagráin le teacht ba bhreá linn éisteacht leat. Seol ar ais seo chuig: An Phreasoifig Chorparáideach, Comhairle an Iúir agus Mhúrn, Teach Uí Aogáin, Rae Mhuineacháin, An tIúr BT35 8DJ. Teil: 028 3031 3095

AINM: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

SEOLADH: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

TEIL: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

TUAIRIMÍ: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Tá an Nuachtlitir seo ar fáil i gCló Mór/Taifeadta/Braille/Béarla

# RUDAÍ AR SIÚL i gCEANTAR AN IÚIR AGUS MHÚRN

## Bealtaine

**1 - 30** **Taispeántas Bhealtaine**
Dánlann Ealaíne Imagos
Teagmháil: Teil 028 3083 4927

**14** **Siúlóid Iontaobhas Oidhreachta Mhúrn Droichead na Fola agus Casán an Bhranda**
Teagmháil: Teil 028 3083 4927 Teil: 028 4372 4059
www.mournelive.com

**23 - 28** **Cumann Ceolmhar agus Ceolfhoirneach an Iúir**
Teagmháil: Anne Keenan Teil: 077 2029 0738

**23 - 30** **Fleadh Nua,**
Inis, Co. an Chláir Teil: 0035365 6828366

**24 - 02** **June Iniscealtra Festival of Arts**
Mountshannon, Co.Clare. Contact: Kevin Chesser, Tel: 00353 61927290

**26 - 30** **Féile Bliantúil Guinness 'Blues on the Bay'**
www.bluesonthebay.com
Ríomhphost: bluesonthebay@fsmail.net

## Meitheamh

**1 - 30** **Taispeántas Mheithimh**
Dánlann Ealaíne Imagos. Teil: 028 3083 4927

**4** **Cairde Camphill Gráinseach Mhúrn**
Teagmháil: Miriam Cotter / Wilma Mitchell
Teil: 028 4176 2495 nó 028 4176 2644

**11** **Féile Camlocha – Triathlon Camlocha Achar Ráibe Craobh Uladh**
Teagmháil: Caitríona Mhic Murchaidh
Teil: 028 3083 7056

**11** **Cumann Forbartha Ath na Long "Féile Ghairdín"**
Teagmháil: Carolanne Grant / David McCauley
Teil: 028 4376 7505

**15** **Cór na bhFear Chloch Riabhach Ceolchoirm an tSamhraidh**
9.00 i.n. Halla Bhaile an Iúir teagmháil:
Jack Crawford. Teil: 028 3026 5283

**18** **Stádas an Aontais**
Teach Dhoire Mhóir (An Taisce)
Teagmháil: Derek Forshaw. Teil: 028 8778 4753

**20 - 24** **"Seó Seinn" Steornabhagh**
Comórtas Amhránaíochta Leódhais
Ríomhphost: info@VisitHebrides.com

**21 - 27** **ESB West Clare Jazz School**
Kilbaha, Kilrush, Co.Clare Contact: Jim Connolly, Tel: 00353 659058034

**24 - 26** **Féile Siúlóide Idirnáisiúnta Mhúrn Bridgedale**
Teagmháil: Saoire Gníomhaíochta Mhúrn
Teil: 028 4176 9965 www.mournewalking.co.uk
Ríomhphost: info@mourneactivitybreaks.co.uk

**25** **Seó Talmhaíochta an Iúir**
teagmháil: JP Crilly. Teil/facs: 028 3026 2059

**Tá nasc idir Comhairle an Iúir agus Mhúrn agus Comhairle nan Eilean Siar agus Comhairle Chontae an Chláir**